

Rialachán ón Aire Cúraim Leighis an, -WJZ, lena leasaítear Rialachán maidir leis an nGníomh um Thráchtarraí i ndáil le pacáistíocht agus táirgí tomhaltais i dtaca leis an gCinneadh ó Choiste Airí Benelux i ndáil le hábhair agus earraí miotail agus cóimhiotail a bheartaítear a bheith i dteagmháil le bia-ábhair

An tAire um Chúram Leighis,

Ag féachaint don mhéid seo a leanas:

- an Cinneadh ó Choiste Airí Benelux maidir le hábhair agus earraí miotail agus cóimhiotail a bheartaítear a bheith i dteagmháil le bia-ábhair (M (2022) 12);
- Airteagal 3(1)(a) agus Airteagal 4(1) d'Fhoraithe an Ghnímh um Thráchtarraí maidir le pacáistíocht agus táirgí tomhaltais;

Foraitheanta leis seo an méid seo a leanas:

Airteagal I

Leasaítear Caibidil IV de Chuid A den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán maidir leis an nGníomh um Thráchtarraí i ndáil le pacáistíocht agus táirgí tomhaltais mar a leanas:

A

Roinn 1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an chur síos:

1. Cur síos

1.1. Sa Rialachán seo, beidh feidhm ag na téarmaí agus na sainmhínithe seo a leanas:

cóimhiotal: ábhar miotalach, aonchineálach ar scála macrascópach, ina bhfuil dhá eilimint nó níos mó i gcumasc le chéile sa chaoi nach féidir iad a dheighilt go héasca le modhanna meicniúla;

miotail: substaintí arb iad a sainréithe na hairíonna fisiceimiceacha seo a leanas i bhfoirm sholadach:

- a. frithchaiteacht atá freagrach as loinnir mhíotalach saineúil;
- b. seoltacht leictreach;
- c. seoltacht teasa;
- d. airíonna meicniúla amhail neart agus insínacht.

1.2. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le pacáistíocht agus táirgí tomhaltais atá

Rialachán ón Aire Cúraim Leighis an, -WJZ, lena leasaítear Rialachán maidir leis an nGníomh um Thráchtarraí i ndáil le pacáistíocht agus táirgí tomhaltais i dtaca leis an gCinneadh ó Choiste Airí Benelux i ndáil le hábhair agus earraí miotail agus cóimhiotail a bheartaítear a bheith i dteagmháil le bia-ábhair

déanta go hiomlán nó go páirteach as miotail nó as cóimhiotail, agus bídís brataithe nó ná bídís.

B

Roinn 4. Leasaítear na ceanglais maidir leis an táirge deiridh mar a leanas:

1. Sa tábla i roinn 4.3.:

- a. 'arsanaic: 0.01' ina ionad cuirtear 'arsanaic: 0.002';
- b. 'caidmiam: 0.01' ina ionad cuirtear 'caidmiam: 0.005';
- c. 'cróimiam: 0.1' ina ionad cuirtear 'cróimiam: 0.25';
- d. 'cóbalt: 0.05' ina ionad cuirtear 'cóbalt: 0.02';
- e. 'copar: 5' ina ionad cuirtear 'copar: 4';
- f. 'comhdhúile litiam, iomlán: 0.6 (mar litiam)' ina ionad cuirtear 'comhdhúile litiam, iomlán: 0.048 (mar litiam)';
- g. 'mangainéis: 0.6' ina ionad cuirtear 'mangainéis: 1.8';
- h. 'vanaidiam: 0.05' ina ionad cuirtear 'vanaidiam: 0.01';
- i. cuirtear isteach na substaintí seo a leanas a bhfuil baint acu leis an SML (mg/kg):

| | |
|----------------|---|
| bairiam | 1.2 |
| beirilliam: | 0.01 |
| iarann: | 40 |
| mearcair: | 0.003 |
| molaibdéineam: | 0.12 |
| tailliam: | 0.0001 |
| stán: | 100 (mura bhforáiltear a mhalairt i Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006) |
| airgead: | 0.08 |

2. Scriostar Roinn 4.5., agus athuimhrítear roinn 4.6. go roinn 4.9. mar roinn 4.5. go roinn 4.8.

3. Cuirtear roinn nua leis, ag léamh:

4.9. Léireoidh an t-oibreoir go bhfuil na hábhair agus na hearraí comhlíontach trí bhíthin dearbhú i scríbhinn i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 agus le roinn 0.9 de Chaibidil 0 de Chuid A den Iarscríbhinn.

Rialachán ón Aire Cúraim Leighis an, -WJZ, lena leasaítear Rialachán maidir leis an nGníomh um Thráchtearraí i ndáil le pacáistíocht agus táirgí tomhaltais i dtaca leis an gCinneadh ó Choiste Airí Benelux i ndáil le hábhair agus earraí miotail agus cóimhiotail a bheartaítear a bheith i dteagmháil le bia-ábhair

Airteagal II

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis dháta eisiúna Iris an Rialtais ina bhfoilseofar é.

Foilseofar an Rialachán seo agus na nótaí míniúcháin in Iris an Rialtais.

An tAire um Chúraim Leighis,

Nótaí Míniúcháin

I. Ginearálta

1. Réamhrá

Rún CM/Res(2013)9 ó Choiste Airí Chomhairle na hEorpa an 11 Meitheamh 2013 maidir le miotail agus cóimhiotail a úsáidtear in ábhair agus in earraí a bhíonn i dteagmháil le bia (anseo feasta: Rún) Is é is aidhm don Rialachán seo ceanglais náisiúnta maidir leis na hábhair ábhartha a bhíonn i dteagmháil le bia a chomhchuihbhiú chun ardleibhéal cosanta don tsláinte phoiblí a áirithiú. Leis an Rún sin, iarrtar ar Bhallstáit Chomhairle na hEorpa bearta reachtacha nó bearta eile a dhéanamh i gcomhréir leis na prionsabail agus na treoirlínte a leagtar amach sa Rún.

Leis an gCinneadh ó Choiste Airí Benelux maidir le hábhair agus earraí miotail agus cóimhiotail a bheartaítear a bheith i dteagmháil le bia-ábhair (M (2022) 12) (dá ngairtear: Cinneadh Benelux), is mian le tíortha Benelux an Rún a chur chun feidhme go comhpháirteach, faoi chuimsiú an dlí Eorpaigh maidir le hábhair teagmhála bia a chur ar an margadh san Aontas Eorpach. Comhchuibheofar leis sin na ceanglais atá le cur i bhfeidhm sna trí thír. Dá bhrí sin, suitear go ndéantar an t-ardleibhéal céanna cosanta don tsláinte phoiblí a sholáthar i gcónaí ar fud Benelux agus go ndéantar margadh inmheánach Benelux a dhoimhniú tuilleadh, ós rud é nach féidir ar bhealach ar bith bac a chur ar shaorghluaiseacht na n-earraí atá i gceist le ceanglais náisiúnta éagsúla ina leith sin.

San Ísiltír, bhí ceanglais dhlíthiúla i bhfeidhm cheana féin maidir leis na hábhair teagmhála bia sin. Áirithíonn an Rialachán, nuair is gá, go gcuirtear na ceanglais i gcomhréir le Cinneadh Benelux.

2. Comhairliúchán

Cuireadh dréacht an Rialacháin seo faoi bhráid na rannpháirtithe sa Chomhairliúchán Rialta maidir leis an nGníomh um Thráchtearraí¹. Níor tháinig aon bharúlacha substainteacha as an gcomhairliúchán sin.

3. Fógra a thabhairt

Tuairiscíodh dréachtleagan an Rialacháin seo don Choimisiún Eorpach faoi Airteagal 5(1) de Threoir (AE) 2015/1535². Is gá fógra a thabhairt don Choimisiún Eorpach, toisc go bhfuil forálacha teicniúla mar a shainmhínítear iad i dTreoir (AE) 2015/1535 in airteagal I den rialachán seo. Mar fhreagra ar an bhfógra seo **PM**

4. Tionchar ar an ualach rialála

Ní bheidh tionchar ag an rialachán seo ar an ualach riaracháin ar shaoránaigh ná ar ghnólachtaí. Níl aon chostas faisnéise ann. Tá na costais chomhlíonta íseal. I gcásanna áirithe, an Teorainn Ascnaimh Shonrach (dá ngairtear anseo feasta: SML)

¹ Glacann ionadaithe tionscail agus tráchtála, tomhaltóirí, aireachtaí ábhartha agus Údarás Sábháilteachta Táirgí Bia agus Tomhaltóirí na hÍsiltíre (NVWA) páirt sa ROW.

² Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 i dtaca le nós imeachta faisnéise maidir le forálacha teicniúla agus rialacha i ndáil le seirbhísí na sochaí faisnéise (códú) (PbEU 2015, L 241).

substaintí níos doichte; Sna cásanna sin, beidh ar chuideachtaí a sheiceáil an bhfuil a dtáirgí fós i gcomhréir leis an reachtaíocht agus, más gá, na táirgí a oiriúnú do na ceanglais nua. I gcás roinnt substaintí, cuirfear síneadh leis an SML. Comhchuibheofar leis an Rialachán seo an reachtaíocht i dtíortha Benelux, rud a éascóidh an trádáil le tíortha Benelux eile.

An Bord Comhairleach um Ualach Rialála **PM**

5. In-fhorfheidhmitheacht agus indéantacht

Cuireadh dréacht an Rialacháin seo faoi bhráid Údarás na hÍsiltíre um Shábháilteacht Táirgí Bia agus Tomhaltóirí (dá ngairtear anseo feasta: NVWA) chun measúnú a dhéanamh ar na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le hin-fhorfheidhmitheacht agus indéantacht. NVWA **PM**

II. Nótaí Míniúcháin de réir Airteagal

Airteagal 1

Léirítear sa tábla thíos an chaoi ar cuireadh Cinneadh Benelux chun feidhme sa Rialachán maidir leis an nGníomh um Thráchtearraí i ndáil le pacáistíocht agus táirgí tomhaltais.

| Foráil Chinneadh Benelux | Foráil i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán maidir leis an nGníomh um Thráchtearraí i ndáil le pacáistíocht agus táirgí tomhaltais agus | Tuairisc ar an spás beartais | Míniú ar an rogha maidir leis an spás beartais a líonadh isteach |
|--|--|---|--|
| Airteagal 1 | Caibidil IV, roinn 1.1. Caibidil 0, roinn 0.5.1.(a) | | |
| Airteagal 2 | Caibidil IV, roinn 1.2. Airteagal 1 d'Fhoraithe an Ghnímh um Thráchtearraí maidir le pacáistíocht agus táirgí tomhaltais | | |
| Airteagal 3 | Airteagal 2(3) d'Fhoraithe an Ghnímh um Thráchtearraí maidir le pacáistíocht agus táirgí tomhaltais | | |
| Airteagal 4 agus Caibidil 1 den Iarscríbhinn | Caibidil IV, tábla i roinn 4.3. Caibidil 0, roinn 0.4.2.(e) | | |
| Airteagal 5 | Caibidil 0, ranna 0.3.(e) agus 0.7.(4) | | |
| Airteagal 6 | Gan aon chur chun feidhme | Spás beartais chun lipéadú nó siombail speisialta a éileamh | Ní úsáidtear spás beartais |
| Airteagal 7 | Caibidil IV, roinn 4.10. | | |

| | | | |
|--------------|--|--|--|
| Airteagal 8 | Airteagal 13d den Ghníomh um Thráchtearraí | | |
| Airteagal 9 | Oifigigh mhaoirseachta de chuid an Údaráis um Shábháilteacht Táirgí Bia agus Tomhaltóirí a cheapadh faoi Airteagal 25 den Ghníomh um Thráchtearraí | | |
| Airteagal 10 | Ní gá aon chur chun feidhme a dhéanamh | | |

Airteagal I, roinn B(2)

Is féidir roinn 4.5. a scriosadh toisc go n-áirítear stán sa tábla i roinn 4.3.

Airteagal II

Maidir le hAirteagal 10(2) de Chinneadh Benelux, tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm láithreach 1 lá tar éis a fhoilsiú.

An tAire um Chúraim Leighis,